# Bí Feasach ar an IS
# Lá le haghaidh Idirlíon Níos Sábháilte

Le haghaidh Déagóirí

## Na Leideanna is Fearr maidir leis an IS a Úsáid go Freagrach

### Bíodh Muinín Agat as Duine Daonna, Seachas Bota Comhrá

Cé go bhfuil botaí comhrá in ann aithris mhaith a dhéanamh ar dhaoine, ní thuigeann siad do chuid mothúchán ná eispéireas. Má tá fadhb agat, beidh teorainn ar a gcuid comhairle bunaithe ar a sonraí traenála. Féadann an IS a bheith mícheart mar sin. Tá sé níos fearr labhairt le duine fásta iontaofa faoi aon rud a chuireann imní ort.

### Domhainbhrionnuithe a Aithint

Cuimhnigh nach mbíonn gach rud a léann tú ná a fheiceann tú ar líne fíor. Is féidir domhainbhrionnuithe IS a chruthú le híomhánna, físeáin nó taifeadtaí gutha a roinntear ar líne, mar sin, bí cúramach agus ábhar á roinnt agat ar líne agus smaoinigh go criticiúil ar an méid a fheiceann tú ar líne.

### Stop, Smaoinigh, Seiceáil

Seiceáil eolas a ghineann IS faoi dhó. Cé acu scéalta nuachta nó cabhair le hobair bhaile atá i gceist, bí cinnte go seiceálann tú an t-eolas ar fhoinsí iontaofa eile. Is féidir úsáid a bhaint as na seiceálaithe fíricí atá ag roinnt uirlisí IS.

### Seachain Sonraí Pearsanta a Roinnt

Is leatsa do chuid sonraí pearsanta. Bí cúramach agus rudaí amhail d'ainm, grianghraif, nó aon eolas pearsanta á roinnt agat le IS. D'fhéadfadh comhlachtaí IS do chuid sonraí a úsáid ar bhealaí nach mbeifeá ag súil leo nó ar bhealaí nár mhaith leat. Seiceáil do chuid socruithe go rialta le cinntiú go dtuigeann tú an chaoi a n-úsáidfear agus a roinnfear do chuid sonraí agus go bhfuil tú sásta leis sin.

### Déan ábhar Díobhálach agus Mídhleathach a Thuairisciú!

Ní ceart glacadh le hábhar díobhálach nó mídhleathach riamh – fiú amháin más IS a ghineann an t-ábhar sin. Má fheiceann tú riamh ábhar ar líne atá díobhálach nó mídhleathach, déan é a thuairisciú don ardán ar a bhfuil sé. Ba cheart duit labhairt le duine fásta iontaofa freisin faoi aon rud a chuireann imní ort.


Coimisiún na Meán

**Teachtaireacht ó Choimisiún na Meán agus ó Choimisiún um Chosaint Sonraí**

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission